

LUX

3 SCANNÁN
24 THEANGA
28 dTÍR

FILM

DAYS

MEDITERRANEA

Jonas Carpignano
An Iodáil, an Fhrainc, na Stáit Aontaithe,
an Ghearmáin, Catar



MEDITERRANEA

JONAS CARPIGNANO

Cuirtear tús leis an scannán san Ailgéir nuair a thaispeántar Ayiva, fear óg as Buircine Fasó, ag teacht go dtí an áit. Tá Abas in éineacht leis, agus an bheirt acu ag súil lena dhul go dtí an Eoraip chun saol níos fearr a bhaint amach dóibh féin. Bíonn orthu an gaineamhlach a thrasnú, dul i ngleic le bithiúnaigh atá ag faire ar na himircigh, coinneáil orthu go dtí an Libia agus aghaidh a thabhairt ar fharraigí garbha i leithscéal de bhád sula dtagann siad ar deireadh thiar go dtí an Iodáil. Ach níl san aistear seo ar fad ach an chéad chuid de mhór-eachtra chorrach a dhíríonn isteach ar shaol na n-imirceach seo atá, ar theacht chun na hEorpa dóibh, fágtha ar an imeall ag muintir na háite in Calabria. Déantar dúshaothrú orthu mar oibríthe gan pháipéir sna plandálacha citris, iad ag cur fúthu i mbailte seantán agus iad ag cur suas leis an amhras agus leis an eascairdeas a léiríonn na daoine ina dtimpeall.

CÚPLA GNÉ DEN ANAILÍS

Is féidir an scannán seo le Jonas Carpignano a mheas i gcomhthéacs chúrsaí reatha an lae inniu, mar a bhfuil go leor tuairiscí ar an teilifís faoi anchaoi na n-imirceach faoi cheilt i réigiún na Meánmhara. Tá an tAontas Eorpach tar éis freagairt don anchaoi sin trí bhearta a thabhairt isteach, ach is léir nach leor na bearta sin chun dul i ngleic le rabharta na hinimirce. Go deimhin, ní mór a lua go bhfuil méadú ag teacht ar an líon daoine san Eoraip a deir go poiblí nach bhfuil siad i bhfabhar cóir níos fearr a chur ar imircigh.

Sa chomhthéacs seo, tá gné pholaitiúil (sa tuiscint is láidre agus is uaisle den téarma) ag roinnt leis na roghanna cineamatagrafaíochta uile atá déanta ag Jonas Carpignano, mar gur mian leis tuairisc bhríomhar a thabhairt dúinn ar an scéal ó thaobh na ndaoine seo a mbreathnaítear go hiondúil orthu mar dhíol trua nó, níos measa fós, mar dhaoine nach bhfuil aon fháilte rompu. Agus á dhéanamh sin dó, tá an léiriú a dhéantar ar an gceist sin sa scannán éagsúil d'aon ghnó ón gcaoi a léirítear an tsaincheist sna meáin, go háirithe ar an teilifís.





LÉARGAS Ó MHEANDAR GO MEANDAR

Seachnaíonn an stiúrthóir ón tús cur síos lom a dhéanamh atá bunaithe ar chruatan a dtíre dúchais ónarbh éigean do na himircigh teitheadh, agus ina ionad sin tugann sé tús áite do chur chuige ina dtaibhsítear “meandar” dúinn: tá a mhíniú féin agus a réiteach féin le fáil i ngach cás ar leith a léirítear.

Leis an mbeagán focal a labhraítear i meascán de theangacha, meascán nach gnách a bheith i scannáin (Fraincis, Béarla, Iodáilis, canúint Calabra, teangacha na hAfraice etc.), tarraingítear isteach sinn sa ghníomh reatha nach bhfuil gá le míniú fada air ná údar a thabhairt dó. Tá radharc na círéibe (atá ina bhuaic ag an scannán) faoi lán seoil i gcúpla soicind agus baintear siar asainn lena bhrúidiúla atá na léirsitheoirí a thosaíonn ag gabháil ar charranna páirceáilte, ar fhuinneoga na siopaí atá dúnta agus ar dhaoine i gcarranna atá sáinnithe sa chíríib. Ach ar nós Ayiva, táimid meallta linn agus b'fhéidir gafa ag an ngluaiseacht seo ón uair a fhreagraíonn na frithléirsitheoirí a bhealach rí-fhoréigneach.

Tá gné uilíoch ag roinnt leis an seicheamh ina léirítear an chíríib nach bhfuil teoranta do chás na hIodáile. Is macalla é ar chíríib ó ré eile, eadhon éirí amach “ainniseoirí na talún”. Níor mhíste a lua anseo go bhfuil an scannán bunaithe ar rudaí a thit amach i ndáiríre in 2010 i gceantar Rosarna atá i réigiún Calabra na hIodáile. Ach is cuid suntais é nach ndéanann fear an scannáin tagairt ar bith don comhthéacs áitiúil: tá an lucht féachana sa bhád céanna leis na carachtair, báitear sinne sna himeachtaí nach bhfuil ach breac-amharc againn orthu, ach is í an teicníc sin go díreach a chuidíonn linn tuiscint níos leithne agus níos ginearálta a fháil ar chás nach bhfuil teoranta go hiomlán do Calabra ach cinnte a bhaineann leis an Eoraip ina hiomláine.



CRUACHEIST AN tSAOIL MAR ATÁ

An tréith ghonta atá ag roinnt le formhór na gcomhráite sa scannán, a bhuíochas sin go háirithe do theangacha éagsúla a bheith á labhairt ag cuid mhaith de na carachtair, cuireann sí béim ar a aonaráí atá na himircigh i sochaí atá fós strainséartha dóibh agus nach bhfuil ach breaceolas acu uirthi. Léirítear cinnte an aonaracht sin, ach cuirtear béim sa scannán freisin ar an easpa rogha a bhí ag na himircigh agus a laghad deiseanna atá acu. Ar theacht don Liobáin dóibh, mar shampla, féachann an grúpa ina bhfuil Ayiva agus Abas le cinneadh a dhéanamh iad féin maidir le cé a sheolfaidh an bád atá lena dtabhairt trasna na Meánmhara: ós rud é nach dtuigeann siad féin ná an té atá á gcur anonn a chéile, ní fhágtar an dara rogha ag na himircigh — socraíonn duine díobh ar deireadh ceannas ceann a ghlacadh ar an mbordáil agus níl le déanamh ag an gcuid eile ach glacadh leis sin mar nach féidir leo aon rud eile a dhéanamh ach é. Ar theacht chun na hIodáile dó, faigheann Ayiva é féin amach go bhfuil sé i sáinn mar nach bhfuil aige ach 3 mhí le post a fháil ionas go bhféadfaidh sé faoi dheireadh thiar a bheith sa tír go dleathach: samhlaítear dúinn gur cás áiféiseach é sin nó ar a laghad ar bith nach bhfuil aon dul as ag an gcarachtar.



Féachann *Mediterranea* le cur síos a dhéanamh ar dhálaí maireachtála na n-imirceach agus roinntear linn, ar bhealach fíortheoranta, an dearcadh atá acu agus go háirithe na constaicí a bhfuil orthu dul i ngleic leo, constaicí a fhágann iad i ngátar agus nach bhfágann an dara rogha acu ach éirí amach in aghaidh na n-údarás. Is é is dóichí gur chun an dearcadh sin a chur trasna an chúis atá le cuid de na roghanna feiceálacha a rinneadh don láithriú, ar nós úsáid a bhaint as ceamara soghluaiste atá ag corraí go minic agus é an-ghar do na carachtair, rud a thugann íomhá chorrach de na heachtraí a thiteann amach, nó fiú gur aisteoirí amaitéaraacha atá sna páirteanna atá ina scáthán ar an saol a chaith siad féin, nó gur mó agus gur mó radharcanna oíche a thaispeántar amhail agus nach raibh de shaol ag na himircigh ach saol de shiúl oíche.

AN CHUIMHNE MAR THEICNÍC EALAÍNE

Seachas breathnú ar an scannán mar cheann atá fíor-réalaíoch nó ina chlár faisnéise, is féidir é a léirtheascint ar bhealach níos caolchúisí faoi mar atá le feiceáil ón gcaoi a léirítear cuimhní na bpríomhphearsana (ar cinnte gur inis na haisteoirí atá sna páirteanna sin don léiritheoir na rudaí a tharla dóibh féin san am a caitheadh). Is léir gur “san am i láthair” atá imeachtaí an scannáin gan aon iarracht a dhéanamh teicníc an iardhearcaidh a úsáid, ach mar sin féin is féidir linn sraith de theicnící cineamatagrafacha a dhéanamh amach a bhaineann go deimhin le cuimhneamh siar.

In ionad radharcanna a thaifeadadh ar bhealach “oibiachtúil”, tá go leor radharcanna ann a dhíríonn isteach ar phríomhghné nó ar mhionsonra ar leith atá tábhachtach a dhóthain le cuimhne na bpearsana a mhúscaillt (is cuma cé acu, Ayiva nó Abas).

Thairis sin, cuireann an fuaimrian béim ar an tuiscint seo a bhuíochas do na hathruithe tobanna a tharlaíonn ann, an chaoi a dtagann laghdú tobann ar an bhfuaim sa timpeallacht agus gur ciúnas nó tionlacan ceoil a thagann ina áit. Is teicníc é sin a chuireann fad áirithe idir an lucht féachana agus an radharc atá á thaispeáint, faoi mar a bheadh cuimhne ann. Fiú agus go bhfuil an scannán roinnte ina thrí mhórchaibidil gheografacha (an Ailgéir, an Libia, an Iodáil), tugtar faoi deara go bhfuil an chroineolaíocht níos luainí agus níos neamhchinnte: cén t-achar atá caite ag Ayiva in Calabria (áit ar fhoghlaim sé Iodáilis gan dabht); cúpla lá, cúpla seachtain nó roinnt míonna? Níl na fíricí sin againn mar gur rud í an cuimhne atá in ann áiteanna a dhealú óna chéile go héasca ach nach bhfuil in ann tréimhsí ama a scaradh óna chéile chomh héasca céanna, go háirithe nuair a bhíonn an cuimhne sin bunaithe ar ghníomhaíocht a dhéantar arís agus arís eile, amhail baint na dtorthaí citris.

Is léir go bhfuil an láithriú ilroinnte agus gonta seo faoi anáil ag an gcaoi ar bhailigh an léiritheoir Jonas Carpignano a gcuid scéalta ó na himircigh ar chas sé orthu in Calabria, agus gur scáthán é an léiriú sin, a bheag nó a mhór, ar an gcaoi a n-oibríonn cuimhne an duine aonair. Ach fiú murab é an tuscint céanna go baileach a bhaineann gach duine den lucht féachana as an stíl láithrithe seo, is cinnte mar sin féin go dtéann sé i bhfeidhm orthu cé chomh mór agus a thug an léiritheoir aird ar dhearcaí na n-imirceach i Rosarno, nó in áiteanna eile; dream nach raibh ach an dara rogha acu ach a bheith ag maireachtáil ar an imeall is duairce sa saol ina mairimid.





ÁBHAR MACHNAIMH

Cén tuiscint atá le baint as an éagsúlacht i gcarachtar agus in iompar idir Ayiva agus Abas? An bhfuil tábhacht leis an éagsúlacht sin chun ciall a bhaint as deireadh an scannáin? Cén breithiúnas a thabharfadh muid ar fhostóir na n-imirceach? An dúshaothrú gan scrupall atá ar siúl aige? An dea-dhuine nó bithiúnach é? An saoiسته é atá ag breathnú amach dá dhaoine? An bhfuil éagsúlacht le sonrú sna dearcaí atá ag muintir na háite in Rosarno? Ar thug tú suntas ar leith do theicnící cineamatagrafaíochta i láithriú an scannáin? Mar shampla, an chaoi a dtagann méadú ar na radharcanna oíche, an ceamara ar an ngualainn, an ghné trína chéile agus ilroinnte a bhaineann le radharcanna áirithe, na hathruithe san fhuaimrian, mionsonraí tánaisteacha atá piochta suas ag an gceamara etc.

Michel Condé

les grignoux



STIÚRTHÓIR Jonas Carpignano

SCRIPT Jonas Carpignano

AISTEOIRÍ Koudous Seihon, Alassane Sy

CINEAMATAGRAFAÍOCHT Wyatt Garfield

CEOL Benh Zeitlin, Dan Romer

LÉIRITHEOIRÍ Jason Michael Berman, Chris Columbus, Jon Coplon, Christoph Daniel, Andrew Kortschak, John Leshner, Ryan Lough, Justin Nappi, Alain Peyrollaz, Gwyn Sannia, Marc Schmidheiny, Victor Shapiro, Raphael Swann, Ryan Zacarias

LÉIRIÚCHÁN Good Films, DCM Productions, Good Lap Production, End Cue, Court 13 Pictures, Le Grisbi Productions, Nomadic Independence Pictures, Treehouse Pictures


BLIAIN 2015

FAD 107 nóiméad

SEÁNRA Dráma

TÍORTHA An Iodáil, an Fhrainc, na Stáit Aontaithe, an Ghearmáin, Catar

LEAGAN BUNAIDH Fraincis, Iodáilis, Béarla, Arabais, Bissa





ÁR SCÉALTA Á LÉIRIÚ TRÍ MHOTHÚCHÁN NA SCANNÁNAÍOCHTA

Is mór ag Parlaimint na hEorpa na trí scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE¹ 2015 a chur i láthair:

MEDITERRANEA, le Jonas Carpignano

An Iodáil, an Fhrainc, na Stáit Aontaithe, an Ghearmáin, Catar

MUSTANG, le Deniz Gamze Ergüven

An Fhrainc, an Ghearmáin, an Tuirc, Catar

UROK (THE LESSON), le Kristina Grozeva agus Petar Valchanov

An Bhulgáir, an Ghréig

Beidh na scéalta ilghnéitheacha seo, ar saothair iad a léiríonn an tiomantas agus an chruthaitheacht atá á léiriú ag stiúrthóirí tréitheacha óga scannán san Eoraip, le feiceáil le linn an 4^ú eagrán de LUX FILM DAYS².

¹ Duais Scannánaíochta LUX.

² Laethanta Scannánaíochta LUX

LUX FILM PRIZE

Tá ról bunúsach ag ár gcultúr sa chaoi a bhforbraimid an tsochaí ina mairimid. Á mheabhrú sin di, chuir Parlaimint na hEorpa tús le LUX FILM PRIZE (Duais Scannánaíochta LUX) in 2007 agus é mar aidhm leis an duais sin feabhas a chur ar scaipeadh scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht agus plé ar mhór-shaincheisteanna na sochaí a spreagadh ar fud na hEorpa. Is tionscnamh ar leith é LUX FILM PRIZE. Ós rud é nach mbíonn an chuid is mó de na comhléiriúcháin Eorpacha le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh an scannán agus gur fíor-annamh a scaiptear in aon áit eile iad, fiú amháin laistigh de AE, is deis neamhchoitianta atá in LUX FILM PRIZE chun fotheidil a chur go 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar thrí scannán Eorpacha.

Caithfidh Feisirí Parlaimint na hEorpa vóta chun buaiteoir LUX FILM PRIZE a roghnú agus an 25 Samhain 2015 fógrófar cé acu scannán a thug an chraobh leis.

LUX FILM DAYS

Tháinig ann do LUX FILM DAYS (Laethanta Scannánaíochta LUX) de dhroim LUX FILM PRIZE. Ó 2012 i leith, tá teacht ag lucht féachana Eorpach níos mó ar na trí scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE a bhúiochas do LUX FILM DAYS. Trí LUX FILM DAYS, tugtar cuireadh duit taitneamh a bhaint as eispéireas cultúrtha a thrasnaíonn teorainneacha agus a mhairfidh sa chuimhne. Ó Dheireadh Fómhair go dtí Nollaig 2015, beidh tú in ann a bheith rannpháirteach le dream as gach cearn den Eoraip ar mór acu scannáin agus beidh deis agat féachaint ar *Mediterranea*, *Mustang* agus *Urok (The Lesson)* i gceann de 24 theanga oifigiúla AE. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh don scannán is fearr leat ar ár láithreán gréasáin luxprize.eu nó ar ár leathanach Facebook.

AITHEANTAS POBAIL

Is é atá i gceist leis an Aitheantas Pobail ná gradam de chuid LUX FILM PRIZE atá bunaithe ar rogha an lucht féachana. Tapaigh an deis chun vótáil do *Mediterranea*, *Mustang* nó *Urok (The Lesson)*, agus cuirfead d'ainm isteach i gcomórtas chun freastal ar fhéile scannánaíochta idirnáisiúnta Karlovy Vary i mí Iúil 2016 — ar chuireadh ó Pharlaimint na hEorpa — agus buaiteoir an Aitheantais Pobail a fhógairt.

FÉACH,
PLÉIGH
& VÓTÁIL



@luxprize



#luxprize

LUX
PRIZE
.EU